



Pacáiste Preasa

Comórann an Chúirt 20 bliain ó aontachas 10 Stát leis an Aontas Eorpach: Cor cinniúnach bunreachtúil nua don Eoraip

Ábhar

Tionchar foriomlán	2
Réamhrá	2
Eagrúchán agus feidhmiú	2
Cásdlí stairiúil	3
Dlíthíocht agus ualach oibre	4
Éabhlóid ghinearálta na gníomhaíochta breithiúnaí (tarchur chun réamhrialú) (2004-2024)	4
Na foirgnimh	8

Tionchar foriomlán

Réamhrá

Aontachas nua, institiúid atá ag fás. Rinneadh todhchaí choiteann a thógáil do thíortha uile na hEorpa i gcéimeanna éagsúla, ón lá tar éis an Dara Cogadh Domhanda go dtí an lá atá inniu ann. Le sé thír bhunaidh in 1957, mhéadaigh an Comhphobal Eorpach agus ansin an tAontas Eorpach (AE) céim ar chéim go 27 mBallstát sa lá atá inniu ann.

As na méaduithe go léir a rinneadh i ndiaidh a chéile, ba é méadú 2004 an méadú ba mhó. Go deimhin, ar an 1 Bealtaine 2004, chuir an tAontas Eorpach fáilte roimh dheich mBallstát nua: Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin. Mhéadaigh líon na mBallstát ó 15 go 25.

Cén tionchar a bhí ag an mórimeacht seo ar institiúid bhreithiúnach an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir lena heagrú agus lena feidhmiú, chomh maith lena hualach oibre?

Eagrúchán agus feidhmiú

- Ceapadh 10 mBreitheamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais, agus 10 gcinn chuig an gCúirt Ghinearálta ([Gníomh i dtaobh choinníollacha aontachais na mBallstát nua leis an Aontas Eorpach](#)).
- Níor tháinig aon athrú ar líon na nAbhcóidí Ginearálta sa Chúirt Bhreithiúnais in 2004 agus bhí 8 nAbhcóidí Ginearálta ann i gcónaí. Is sa bhliain 2013 amháin a méadaíodh líon na nAbhcóidí Ginearálta go 11 (foráiltear leis an gConradh go bhféadfaidh an Chúirt an t-ábhar a tharchur chuig an gComhairle, ag gníomhú di d'aon toil, chun líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú – i gcomhréir le [Dearbhú Uimh. 38 atá i gceangal le Conradh Liospóin](#)).
- D'fhonn a chur ar chumas na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an mhéadaithe, tugadh isteach le Conradh Nice athruithe áirithe chun comhtháthú breithiúna nua agus bainistiú an ualaigh oibre bhreise a thabhairt chun críche:
 - ní gá a thuilleadh tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a thabhairt i ngach cás. Dá bhrí sin, i gcás ina measann an Chúirt nach n-ardaíonn cás aon cheist nua dlí, féadfaidh sí a chinneadh, tar éis an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, go dtabharfar breithiúna ar an gcás gan tuairim
 - Bunaíodh nasc idir **líon na mBallstát agus líon na mbreithiúna**. I gcás na Cúirte Breithiúnais, is ionann an figiúr sin agus líon na mBallstát. I gcás na Cúirte Ginearálta, tá sé cothrom leis an líon sin ar a *laghad*, rud a réitíonn an bealach do mhéadú féideartha ar líon a breithiúna.
 - Cruthaíodh **Mór-Dhlísheomra** agus socraítear leis an Reacht an uimhir ag 13 (15 anois). Tá Uachtarán na Cúirte ina chathaoirleach ar an bhfoirmíocht sin, a dtionscnaítear na díospóidí is tábhachtaí roimhe seo, agus suíonn an Leas-

Uachtarán san fhoirmíocht sin freisin.

- Leasaíodh **dáileadh na dlínse idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta**: tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta anois gach caingean dhíreach a éisteacht agus a chinneadh ag an gcéad chéim, cé is moite de chaingne sonracha áirithe.
- Tugtar dlínse don Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar **cheisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú** i réimsí sonracha a leagtar síos sa Reach. Níor cuireadh an inniúlacht sin i bhfeidhm go dtí seo. I mí na Samhna 2022, áfach, rinne an Chúirt Bhreithiúnais iarraidh reachtach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle dlínse na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialuithe a thabhairt i sé ábhar shonracha (cáin bhreisluacha, dleachtanna máil, cód custaim, rangú earraí de réir taraife san Ainmníocht Chomhcheangailte, cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí, agus an scéim trádála um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa) a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta agus raon feidhme an tsásra lena gceadaítear achomhairc i gcoinne chinntí na Cúirte Ghinearálta a leathnú (a tháinig i bhfeidhm ar dtús i mí na Bealtaine 2019).

- Ó thaobh na foirne de, **mhéadaigh líon na foirne a sannadh don Institiúid** ó 1010 (in 2000), go 1140 (in 2003) go dtí 1641 (in 2004).

Bliain	2000	2003	2004	2005	2007	2010	2015	2020	2022	2023
Poist bhuiséid	1010	1140	1641	1743	1882	1927	1998	2073	2110	2,302

- Tá méadú tagtha freisin ar bhuiséad na hinstitiúide.


Bliain	2000	2003	2004	2005	2007	2010	2015	2020	2022	2023
Buiséad €m	131.3	150.6	235	229	272.2	329.3	357.1	436.6	464.8	486

Cásdlí stairiúil

Mar chuid d'aontachas 2004, roghnaigh an Institiúid liosta tosaigh de 57 mbreithiúnas ó 1954 go 2000, arna n-aistriú agus arna n-athbhreithniú ar dtús ag na lárionaid náisiúnta aistriúcháin agus arna dtabhairt chun críche ag aonaid teanga na Cúirte (https://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo2_14955/fr/).

Dlíthíocht agus ualach oibre

- Bhí rannchuidiú suntasach ag na Ballstáit a tháinig isteach in 2004 le struchtúr dlíthiúil na hEorpa: ón 1 Bealtaine 2004 go dtí an 31 Márta 2024, thíolaic cúirteanna na 10 mBallstát aontacha **1202** tharchur chun réamhrialú san iomlán.
- Cuireadh na chéad cheisteanna le haghaidh réamhrialú isteach chomh luath le 2004 (2 chás a chuir an Ungáir ar aghaidh).
- D’fhan líon na dtarchur sách íseal le linn na gcéad bhlianta (níos lú ná 10 in 2006). Mhéadaigh sé go suntasach ansin (20 in 2008, 45 in 2011, 65 in 2014, 103 in 2020), sular chobhsaigh sé ag an leibhéal reatha (120 in 2023).




Éabhlóid ghinearálta na gníomhaíochta breithiúnaí (tarchur chun réamhrialú) (2004-2024¹)

Blianta	Poblacht na Seice	an Eastóin	an Chipir	an Laitvia	an Liotuáin	an Ungáir	Málta	an Pholainn	an tSlóivéin	an tSlóvaic
2004	0	0	0	0	0	2	0	0	0	0
2005	1	0	0	0	0	3	0	1	0	0
2006	3	0	0	0	1	4	0	2	0	1
2007	2	2	0	0	1	2	0	7	0	1
2008	1	2	1	3	3	6	0	4	0	0
2009	5	2	1	4	3	10	1	10	2	1
2010	3	0	0	3	2	6	0	8	1	5
2011	5	1	0	10	1	13	0	11	1	3
2012	7	5	0	5	2	18	1	6	0	9
2013	7	3	3	5	10	20	0	11	1	4

¹ 31 Márta 2024


2014	6	0	2	7	6	23	0	14	4	3
2015	8	2	0	9	8	14	0	15	5	5
2016	5	1	0	9	8	15	1	19	3	6
2017	4	7	0	5	10	22	0	19	3	6
2018	12	2	1	5	6	29	0	31	2	6
2019	5	3	1	12	7	20	1	39	5	10
2020	9	3	0	17	7	18	0	41	2	6
2021	8	2	0	12	15	17	0	34	7	2
2022	13	4	0	4	6	20	0	39	0	7
2023	12	4	1	15	6	18	2	48	6	8
2024	4	1	0	2	5	5	0	16	1	2
Iomlán	120	44	10	127	107	285	6	375	43	85



- Bhí tionchar suntasach freisin ag méadú 2004 ar **chóras teanga** Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.
- Cé go raibh 4 theanga oifigiúla ag an gComhphobail Eorpach do Ghual agus Cruach (CEGC) tráth a bhunaithe in 1952, tháinig méadú ar an líon sin i ndiaidh a chéile: 7 dteanga oifigiúla in 1974, 8 in 1981, 10 in 1986, 12 in 1995 agus **21 theanga oifigiúla san iomlán in 2004**. I ngeall ar mhéaduithe a rinneadh ina dhiaidh sin, tá 24 theanga oifigiúla ann faoi láthair.
- Is féidir cásanna a thabhairt agus a phléadáil os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta i ngach ceann de na 24 theanga oifigiúla agus, mura sonraítear a mhalairt, beidh rochtain ar chinntí arna nglacadh ag an dá chúirt i ngach ceann de na 24 theanga oifigiúla. Is é seo prionsabal an ilteangachais iomláin.
- *“Bunóidh an Chúirt seirbhís aistriúcháin le foireann de shaineolaithe a bhfuil acu oiliúint leormhaith sa dlí agus eolas fairsing ar mhórán de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.” (Airteagal 42 de na Rialacha Nós Imeachta).*

- Mar thoradh ar an méadú sin ar líon na dteangacha oifigiúla, tá méadú mór tagtha ar líon na bpéirí teangacha: ó 12 in 1952 go 420 in 2004 (552 inniu).


PÉIRÍ TEANGA



- Go háirithe tar éis mhéadú 2004, chuir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta sraith beart chun feidhme de réir a chéile a bhí dírithe ar éifeachtúlacht a mhéadú agus ar an ualach oibre aistriúcháin a shrianadh. Dá bhrí sin, rinne siad athmheasúnú ar a gcleachtas breithiúnais agus orduithe a fhoilsiú (foilseachán roghnaitheach). Ar an gcaoi chéanna, laghdaíodh fad na ndoiciméad atá le haistriú agus scríosadh an tuarascáil don éisteacht sa Chúirt. Thairis sin, ó 2013 i leith, ní fhéadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh breithiúnas a fhoilsiú *in extenso* ach amháin i dteanga an cháis agus foráil a dhéanamh do shleachta sna teangacha eile, gan ach na míreanna den bhreithiúnas a mheasann sí a bheith iomchuí a fhoilsiú a atáirgeadh. In 2014, tháinig laghdú 40 % ar an ualach oibre aistriúcháin mar thoradh air sin.
- Beart eile a glacadh in oirchill mhéadú 2004 ab ea córas aistriúcháin go teangacha '*pivot*' a thabhairt isteach, in éineacht le haistriúchán díreach ón mbunteanga. Chun déileáil le hiomadú na bpéirí teanga a bhaineann leis an méadú ar líon na dteangacha oifigiúla, déanadh cinneadh, i gcás nárbh fhéidir aistriúchán díreach a chur ar fáil, an t-aistriúchán a dhéanamh trí Bhéarla, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis agus, ó 2019 i leith, Polainnis. Tagraítear do na teangacha sin mar 'teangacha *pivot*' toisc go n-aistrítear téacsanna atá dréachtaithe sna teangacha eile go léir ('teangacha *pivotées*') go ceann de na cúig theanga sin, i gcomhréir le péirí réamhshocraithe, sula n-aistrítear iad go dtí na teangacha a

iarrtar, i gcomhréir leis an léaráid seo a leanas. I bhfianaise ról speisialta na Fraincise (teanga idirphlé na mbreithiúna in imeachtaí), is aistriúcháin dhíreacha i gcónaí iad aistriúcháin ón bhFraincis go dtí na teangacha eile go léir. Clúdaíonn aonad aistriúcháin dhlíthiúil na Fraincise, dá chuid féin, gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.


[GRAFAIC FAISNÉISE 'Aistriúchán trí theangacha *pivot*']



Maidir le hateangairí, chun ateangaireacht a chur ar fáil i gcónaí fiú sna péirí teanga nach bhfuil chomh coitianta céanna, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann siad as teicnící ateangaireachta 'athsheachadta' agus 'filleadh'. Sa chéad chás, ní dhéantar ateangaireacht go díreach ó theanga an chainteora ach ó ateangaireacht a chuireann ateangaire eile ar fáil; sa dara cás, cuirtear ateangaireacht an chainteora de chúram ar ateangaire den mháthairtheanga chéanna atá in ann an óráid a léiriú i dteanga eile.

[GRAFAIC FAISNÉISE 'Ateangaireacht dhíreach nó trí theanga athsheachadta']

Ateangaireacht dhíreach nó trí theanga athsheachadáin



Na foirgnimh

Maidir leis na foirgnimh, in éineacht le méadú 2004, cuireadh síneadh agus déanadh athchóiriú ar an *Palais* ina bhfuil an Chúirt Bhreithiúnais i Lucsamburg ó 1972 ar ardchlár Kirchberg (féach stair na bhfoirgneamh: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_3943801).